

Gaeilteacht

8ú Meitheamh, 1973

Iml. 1 Uimhir 9.

Gach mí

LUACH 6p.

Cuairt An Aire Oideachais ar Ghaeltacht Thír Chonaill



Cathal Ó Fearraigh a bheas le hoirdneadh mar shagart Dé san Ardeaglais i Leitir Ceanainn Dé Domhnaigh 10ú Meithimh.

Mac é do Chonall Ó Fearraigh O.S., agus a cheile Bríd. Rugadh

é ar an Luinnigh agus fuair sé a chuid oideachais i Scoil Adhamhnáin faoi chúram Éamon Ó Galchóir Priomh Oide. Bhuaidh sé Scoláireacht na Gaeltachta in 1961 agus chaith sé cuig bliana in Ardscoil Mhuire faoi chúram an Athair Aodh Mac Cnáimhsí agus an tAthair Dónal Mac Suibhne. Chuaign sé go Coláiste Mhaigh Nuad sa bhliain 1966 agus fuair céim in Ealaíon sa bhliain 1969. Ins an Choláiste i Mhaigh Nuad, rinne sé obair mhór mar Rúnaí ar an Chumann Gaelach Cuallaacht Cholm Cille. Chuir sé ar bun cursa Gaeilge, Cúrsa teanga nua litríochta agus béalbhidis; diríthe ar fócheimithe ollscoile, ábhar sagairt agus ábhar muinteoirí. Bíonn an cursa seo ar siúl i gColáiste Cholm Cille, Gaoth Dobhair gach bliain i Mí Lúnasa agus d'éisigh go hiontach maith leis.

Guíonn "Gaeilteacht" gach beannacht agus sonas air ar ócaid a oirdnithe agus gura fada a mhairfidh sé le hoibriú i bffóngort an Tiama.

CÓRFHÉILE NA GAELTACHTA



Buachaillí as Scoil Chonall, An Bun Beag.



Páistí as Scoil na Luinnigh.

Ceachtanna Priomháideacha Piano do pháistí

ag toiseacht túis mí lúil ag
MÁIRE NÍ BHRAONÁIN
DOBHAR

Guthán Bun Beag 27

EAGARALT

Ó bunaodh "Gaeltacht" tá muid ag fáil achan chuidíú agus achan mholadh ó chairde na Gaeltachta ar fud na hÉireann. Ach ina aineoin sin tá eagla orm nach mairfidh "Gaeltacht" i bhfad eile de thairbhe deacrachtaí airgid.

Tá sé dochreidte go dtabharfadh Roinn Rialtais a bhfuil ainm na Gaeltachta air, diúltú glan cuidiú a thabhairt don chéad nuachtán ariamh atá a scríobh, a chlóbhualadh agus a dhéanamh go hiomlán sa Ghaeltacht ag muintir na Gaeltachta, agus atá ag tabhairt fostaithe do mhuintir na Gaeltachta ina gceantar féin.

Ta feidhm le Roinn Rialtais fiorGhaeltacha a bheadh suite, chan i mBaile Atha Cliath ach sa Ghaeltacht. Roinn a bheadh a reachtail, chan ag statsheirbhisi gall-dacteria nach bhfuil baidh na ciall na tuigbheail acu don Ghaeltacht is cosuil, ach ag muintir na Gaeltachta iad fein. Cen uair a chuirfear Roinn Rialtais Gaelach ar fail don Ghaeltacht?

Beidh "Gaeltacht" ina phaipear miosuil feasta. Muna bhfaigheann muid cuidiu on rialtas gan mhoill, caithfear deireadh a chur leis.

Séasúr na gCuaирteoirí

Tá an Samhradh buailte linn arfs agus ar ndóigh tá seasúr na gcuairteoirí san mhullach orainn.

Caidé an seort seasúr a bheas ann? Sin ceist atá go leor daoine a chur na laetha seo, ach go háirithe na mná toighe a bhíonn ag coinneall na lóisteoirí. Ba mhaith leo go mbeadh seasúr maith ann ó thaobh aimsire de ach sílim gur an rud is mó atá ag déanamh buartha dóibh i mbliana ná an féidir prafaid a dhéanamh as lóisteoirí a chofnneall, lóistín ionlán go háirithe. Sea, beidh sé deacair prafaid a dhéanamh i mbliana ná chuaigh na luachanna suas an oiread sin le goirid.

Na mná toighe a bhíonn ag coinneall scóláirí Gaeilge beidh siad san ceart go leor de bharr go bhfuil an deontas sin ardaitheanois ach na daoine atá cláraithe le Bord Fáilte agus a b' éigin dóibh a gcuid praghasanna do'n tSamhradh a shocrú i Mean Fomhair seo a chuaigh thart, cinnte níor thuig siadsan, san am sin go mbeadh luachanna suas an oiread sin anois. Chomh fada agus is eol domh ní cheadaíonn Bord Fáilte an luach

a athrach uair amháin a chuirtear na leabhráin s'acu amach i Mí Eanáir.

Ó tharla go bhfuil muid istigh san Chomhfhargadh anois, thig linn a bheith ag dréim leis na luachanna dhul suas, agus a dhul suas cuid mhaith ag sin feasta. Le cupla bliain anuas bhí meath ar an lion cuairteoirí achan áit san tir de bharr na trioblóide sna Sé Chonndae nó b' fhéidir fosta de bhrí go raibh na luachanna ag éirí ró-ard ar lóistín, ach ní tháinig meath ar bith ar an lion cuairteoirí a thig go Gaeltacht Thír Chonaill achan blhain, agus tá súil againn gur mar sin a bheas sé i gcónaí.

Is trua nach bhfuil oifig failte ar bith anseo san Ghaeltacht againn. Bhí caint uair amháin ansin go raibh Comhairle Paróiste Ghaoth Dobhair le rud éigin a dhéanamh fá seo ach tá na cuairteoirí bochta 'a gcur ó dhoras go doras díreach mar bhí ariamh ag cuartú lóistín, tithe agus rl. Tá cosúlacht air nach bhfuil an Comhairle Paróiste féin ann anois ach oiread, má tá, níl gíog ná móig astu.

Cormac O Breaslain T.D., ag labhairt ag fhoscailt oifigiul Feile lascaireachta Ghaoth Dobhair.



Iris Gaeltacht Chonamara

Cuireann muid fáilte roimh an uimhir is deireannaí de Thuairisc. Iris spésiúil, slachtmhar í. San uimhir seo tá alt ó Dheasún Fennell ar fhéinrialú don Ghaeltacht, "Saoirse na mBan" ó Sheosamh Ó Cuag, cur síos ar chúrsaí drámaíochta ó Mháirtín Davy, alt ó Chaitlín Maude i mBaile Átha Cliath ar-fhadhbanna tithíochta sa chathair sin, agus a lán eile. Ach ba é an ráiteas ar an gcéad leathanach an rud ba mhó inar chuir muid spéis, ag tagairt do cheapuchán Bhord uisce Ghaeltarra deir Tuairisc.

"Ní shasoidh rud ar bith an pobal seo feasta ach smacht ionlán ar a gcúrsaí féin. Is cuma cé na leasuithe ná na gimici a tharraingeos an rialtas seo - na rialtas ar bith eile - chucu, leanfar leis an troid go bhfaighidh muide, pobal na Ghaeltachta, an ceart atá ag dul duinn; cead ár gcúrsaí a rith ar an mbealach is mian linn féin.

Tá muid tinn, turseach de dhaoine a bheith dar "slánu."

Caithfidh féinrialú na Ghaeltachta a bheith bunaithe ar vóta an leathpharóiste. Caithfidh an chumhacht a bheith ina chumhacht dairire; smacht ionlán ar phleanáil agus forbairt; saorchead le maoin an phobail a forbairt ar son leas an phobail.



SCADÁN FRIOCHTA AGUS ANLANN MUSTAIRD

Comhgaisí

2 Scadán

Ionmhar te (dripping)

Plúr blasaithe

Sliseanna Liomóide mar deasú

ANLANN MUSTAIRD

1 unsa Plúir

1 unsa Margarín

½ phunta Bainne

Piobar, Salainn

1½ sp. bheag Mustaird déanta

AN MODH

1. Cuir an t-ionmhar ar an bfriochtán agus teigh é.

2. Scoilt an taobh iochtar de na scadain agus bain amach an cnámh dróma.

3. Cuir scór scine trasna ortha i dtri nó ceathair áiteacha.

4. Clúdaigh leis an bplúr blasaithe iad.

5. Déan iad a friochtadh san ionmhar te 10-15 nóim. Iompaigh iad cupla uair. Sil go maith iad.

AN tANLANN

Leá an margarín, cur isteach an plúr agus measc 2 nóim. Tóg ón teas é agus cuir isteach an bainne go mall. Cuir aráis ar an tine agus measc go dteigh sé a ghail. Fág ar thaobh na tine é 5 nóim. Cuir leis an mustaird, piobar agus salainn.

Greene's Garage

Cortina 1968

Renault 4L 1971

Renault 4L 1972

V.W. 1967

Mini 1969

Anglia 1964

Morris 1100 Van 1965

Anglia 1966

Morris 30cwt. Van

A.A. agus
R.I.A.C.

An Clochán Liath

Guthan
14.



AnCo

An Chomhairle Oiliúna

Oiliúint agus Athoiliúint do dhaoine fásta

Cuirtear na cursaí seo leanas ar fáil ag Ionad Oiliúna Anco, Ghaoth Dobhair, Maireann ionlán an chúrsa 20 seachtain.

1. Cúrsa Insealbhú Tionsclach
2. Cúrsa Faibhrithe Scileanna Bunúsach
3. Cúrsaí Tathái
4. Cúrsa Aire Tionsclach
5. Cúrsa Oibriú Inneall
6. Cúrsa Ginearálta do Oibrithé Togála

Oibreann an tlonad 40 uair sa tseachtain i dtimpeallacht cosúil le monarchan. Tá an traenáil eagraithe de réir cláir fhorleathain.

Ioctar liúntas seachtainiúil agus taistil leis na foghlaim-eoirí. Tá deontas lóistín a íoc festa do foghlaimeoirí atá ar shiúl ón bhaile.

Fóirm iarratais agus gach eolas faoi liúntais traenála ó An Bainisteoir, AnCo - Ionad Oiliúna Tionsclaíoch, Na Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.

Na Dúnaibh

Ag foscaillt an Fhéile Muir-lascaireachta sna Dúnaibh Dé hAoine, dúirt Aire na Gaeltachta, an tUasal Ó Domhnaill, go raibh Reigiún Iar-Thuaidh na hÉireann ina aonad nádurga i gcóir forbortha. Dúirt sé go raibh suim ar leith aige féin mar Aire na Gaeltachta i dtodhchaí an reigiún cionn is go bhfuil cuid de ina Gaeltacht.

Dúirt an tAire:

"Tuigtear dom gur Féile bhlian-tuill í seo agus go bhfuil sí ag dul i bhfeabhas i gcónaí agus is brea an rud é sin. Tá taitneamh agus spórt le baint as an bhFéile seo, ní amháin ag na hiascairí fein ach ag muintir uile an cheantair agus ag na cuairteoirí a thagann chugaibh an tráth seo den bhliain. Ina theannta sin, tá daoine sa dúiche seo a bhfuil an Ghaeilge a labhairt go liofa agus go blasta acu, rud is ábhar maite dóibh féin agus is ábhar spéise do na cuairteoirí a thagsnn anseo."

Beidh cursa Fraincise in Ard-Scoil Mhuire, Gaoth Dobhair ón 11ú go dti 14ú Meitheamh.

Cúrsa comhrá a bheas ann agus triúr mhúinteoir ón Fhrainc a bheas ag teagasc. Tá an cursa foscaillte do achan duine a bhfuil suim acu ann, go háirithe micleinn sna ranganna sinsearacha bunscoile, Ceardscoile agus Meanscoile. Tuilleadh eolais on Athair Dónal Mac Suibhne, Ard-Scoil Mhuire, Gaoth Dobhair.

Comhghairdeas le Dónall Ó Gallchóir, B.A., atá ceaptha mar ardmhaistir ar an Ard-Scoil, An Clochán Liath. Tá sé ag múinteoireacht san Ard-Scoil cheanna ó bhain sé a chéim amach agus is ann a fuair sé a chuid iarbunoideachais.

Tá sé ina stiúrthóir ar Fhéile Mháire an Chlocháin Leith chomh maith.


De réir figiúirí na nGardaí, marbhaíodh seisear agus gortaíodh 158 duine ar bhóithre na hÉireann idir meanoíche Dé hAoine agus meanoíche Luain Cincise.

Sa treimhse ceanna anuraidh marbhaíodh 11 duine agus gortaíodh 169.

Chuir Séamus de Faoite T.D., i niúl do thuismitheoirí Sráth Caonach, Gaoth Dobhair go bhfuil an tAire Oideachais ag déanamh breithníú práineach ar iarrataisí na dtuismitheoirí le córas iompair a chur ar fáil saor in aisce do pháisti Sráth Caonach atá ar Scoil na nDúnaibh Beaga.

Tá triúr fear a cheistiú ag na gardaí fán teiní ag Beiric na nGardaí ar an Chlochán go luath maidin Dé Domhnaigh. Scríosadh an foirgneamh agus cailleadh cairpéisi san doiteán.

Searsaint agus gárda amháin atá sa cheantair. Meastar go gcosnóchaidh beiric úr tuairim ar £10,000.



Cé gheall an Scoil ?

Le linn dó agallamh a thabhairt ar Radio na Gaeltachta Dé Sathairn an 26 Bealtaine, chuir an tAire Oideachais an cheist; "Cé gheall Scoil Phobail do Ghaoth Dobhair?"

Seacht mbliain ó shoin a gealladh oideachas coimsitheach don chuid seo den Ghaeltacht agus ba é Donncha Ó Máille, Aire Oideachais beannacht Dé lena náman a thug an ghealltanás. Ag an am sin rinn-eadh iarracht an Cheard-Scoil ins na Doirí Beaga agus an Ard-Scoil i Machaire Chlochair a dhruid. Ní raibh na tuismitheoirí ná an pobal i gcoitinne sásta tabhairt isteach agus níor druideadh na scoltacha. Thuig an tAire Ó Máille go raibh cás láidir ag Pobal na Gaeltachta. Níor shéan an Roinn Oideachais riamh gealltanás Uí Mháille. Scoil sinnsearach Ián-Ghaelach a bhí le bunú. Ar an 31 Bealtaine, 1972 bhí ardoifigeach de chuid na Roinne ag cruinníú i nGaoth Dobhair. Dheimhnigh sé arís go raibh rún daingean ag an Roinn Scoil Phobail Ián Ghælach sinnsearach a bhunú i bhfus. Dhá Scoil Phobail a bhí i gceist do Thír Chonaill; Carndomhnach agus Gaoth Dobhair.

Bhí saineolaithe ag teacht, dúirt sé, i gceann seachtaí ná mar sin chun suíomh a phiocadh amach. Dúirt sé go raibh Coiste Gairmoidsí Dhún na nGall ag cur moille ar an obair ach nach gcuirfeadh an Roinn suas leis sin. Dúirt sé go mbeadh Coiste Bainistíochta a bhunú go luath. D' imigh na daoine ón chrúinníú go breá sásta. Sin bliain ó shin.

Ní raibh Pobal Gaoth Dobhair ariamh ag iarraidh cur isteach ar aon cheanntar eile agus níl anois. Shíl siad nach raibh sé ceart ná cónair go ndrudfí an dá scoil a bhí acu agus go scaipáí a gcuíd páistí soir agus siar. Ba mhaith leo an dá scoil a bheith curtha le chéile in aon scoil láidir Ghaeltachta amháin. Scoil sinnsearach leis na haiseanna iomlán. Is eileamh réasúnta é sin, dar linn.

CAILLTEAR TUAIRISC AR NA MILTE DUINE SAN IAREORAIP GACH BLAIN


Daoine ag imeacht gan tuairisc agus na fadhbanna teaghlaigh agus síceolaíochta a leanann iad. Tá seo coiteanta sa chuid is mó de na tiortha, go háirithe in larthar na hEorpa.

Chun cásanna mar seo a fhoisrú tá doighéanna ag na Póilíní agus ag Interpol nach féidir a úsáid i gcásanna de chinealachá eile.

Féadann eagraíochtaí deontacha mar shampla Arm an tSlánaithe no Seirbhís Shóisialta Idirnáisiúnta na Geineive an-chúnamh a thabhairt do Theaghlaigh, mar a thugann sain-

ghniomhaíochtaí áirithe i roinnt tiortha ar nós "Service des recherches dans L' intérêt des familles" sa Fhrainc.

Is féidir a theiceáil go bhfuil a lán-cinealacha cuidithe le fail ag teaghlaigh cheana. Ach tá móran le déanamh fós ag aimsiú daoine atá ar iarraidh agus ag deileáil leis na fadhbanna síceolaíochta agus sóisialta sin go léir. Is fíor an méid sin go háirithe nuair is éigin an fiosrú a dhéanamh agus iarrachtaí chun teaghlaigh a athaontú ar leibhéal idirnáisiúnta.



Thiar i nGleann Ceo

AR LEANSTAN

le Tadhg Ó Rabhartaigh

Ní thioefadh le haon duine an t-ógánach seo a dhiúltú. Sciurd sé amach chun an tsiopa, agus charbh fhada amuigh é gur phill sé agus tráidire lódáilte leis. Bhí gloiní uisce bheatha ar an tráidire sin, gloiní fiona, buidéil de liomanáid, brioscáil, milseáin agus úlla.

"Bhéarfainn mil bheach agus méad mar bhia duit, a phlúirín na mban donn óg," ar seisean, agus é ag sineadh gloine den fhíon chuig Tríona. "Bíodh geall nár chuala tú an t-amhrán sin riamh i nGleann Ceo, a Thríona Nic Ghiall Dé."

"Tá sé uilig ag mo mháthair mhór," ar sise.

"Tá sé! Bhuel, sin an bhean ar mhaith liomsa a bheith ag caint léi. 'Bhfuil an triú rann agat, a Thríona? Sháraigh sé orm aon chuid den rann sin a fháil ó dhuine ar bith, amach ón dá line dhereanach."

"Mise i mbannaí go bhfuil sé aici, má tá sé ag duine ar bith," arsa Séimín, ag tarraingt air a ghloine uisce bheatha.

"Tá eagla orm, a dhuine uasail," ar sise, "nach bhfuil móran de agam. Tá dúil mhór agam in amhrán Ghaeilge; ach tá eagla orm nár chuir mé aon chuid mhór suime riamh san amhrán sin a bhfuil tú ag trácht air."

"M'anam go bhfuil sé agat, maise," arsa Séimín, "má ní tú staidéar ort féin mar is ceart."

Bhí Séimín leathshúgach.

"Níl a fhios agam an cuid de é seo?" ar sise:

Chonaic mé ag teacht chugam í i láir an tsléibhe,
Mar réaltóig tríd an cheo."

"Maith mo ghriseach thú!" arsa Marcos Mac Alastair, agus ardaobh air. "Ar chuala tusa sin, a Shéimín Bháin? 'Mar réaltóig tríd an cheo'. Cá bhfaighfeá a bhualadh sin, thoir ná thiar? Dheamhan gur shíl mé go raibh línte galánta agam. A leithéid seo, cuir i gcás: 'A ghnúis mar ghréin le dúsadh an lae, a mhúchadh léan le do gháire,' agus 'A phlúr na maighdean is úire gné', agus 'Cén tir ins an chruinne inar hoileadh tú, a réalt gan cheo?' Ach cá bhfuil an ceann acu atá inchurtha le 'mar réaltóig tríd an cheo'?"

"Dheamhan a bhfuil de chaill orthu, ach oiread," arsa Séimín.

"Ní fada, a Thríona, go dtuga mé ruaig suas an bealach s'agaibhse," arsa Marcos. "Ach b'fhéidir gurb é an madadh a chuirfeá i mac Mhic Alastair, dá bhfeicfear chugat é!"

"Ní chuirfear madadh ná madadh ionat, a dhuine uasail," arsa Tríona. "Beidh céad fáilte romhat in am ar bith. Ach tá eagla orm nach bhfuil an chuid mhór amhrán ag mo mháthair mhór le tabhairt duit."

"Anois, a chairde, an gcluin sibh í do mo chur ó dhoras? Ar ndóigh, mura bhfuil amhrán aici, cinnte tá scéalta aici?"

"Scéalta, an ea?" arsa Séimín Bán. "Más ar lorg scéalta atá tú, a dhuine uasail, is é an Gréasáí Rua an fear le ghabháil chuige. Diabhal a leithéid a chuala mise riamh ag an scéal-aíocht. Shuífeá trí oíche go maidin ag éisteacht leis. Dheamhan scéal ó Cheis go Carn nach bhfuil ag an Ghréasáí Rua. Chuirfeadh sé an ghruaig ina seasamh ar do cheann."

"Caithfidh mé oíche aige roimh i bhfad," arsa Marcos; "ach ní fhágann sin nach bhfeiceann tusa, festa, chugat isteach mé oíche éigin, a Thríona."

"Oíche ar bith dá dtiocfaidh tú, beidh fiorchaoin fáilte romhat," ar sise.

"Bhí a fhios agam," ar seisean, "nach raibh olc ar bith agat dom. Is mór an trua go gcaithfidh mé a bheith ag imeacht, a chairde. Agus dheamhan gur dhóbair dom imeacht gan bronntanas beag Nollag a thabhairt don bheirt ógánach seo atá ag gabháil a bheith ar na mianachóirí is fearr a bheas agam go fóill."

Thug sé bonn leathchorónach an fear dóibh. Thug sé a agaighd thart ar Thríona ansin agus aoibh an gháire air.

"Nil mé ag tabhairt a dhath duitse, a Thríona," ar seisean. "Tá tusa thar aois na bpáistí, nach bhfuil?"

"Tá eagla orm go bhfuil," ar sise, agus d'amharc sí díreach san agaighd air agus rinne gáire.

"Mar uisce tanaí ag rith ar ghaineamh, glan a hanam gléigeal," ar seisean, ina intinn fein. "Siúil leat, a Shéimín! Beidh an oíche orainn. Nollaig mhaith daoibh, a chairde."

D'imigh sé amach agus an choiscéim fhada sin aige. Agus ba chorach a shiúil Séimín amach ina dhaidh.

"Beidh obair ag Séimín an baile a bhaint amach anocht," arsa Tríona, "má ólann sé móran eile. Thig libhse fanacht fán teas anseo, a ghasúra, go ndéana mise mo ghnótháí sa tsíopá."

Nuair a bhí iomlán a cuid earraí ceannaithe aici chuir an cailín beart trom anall trasna an chuntair chuici.

"Leatsa é seo, a Thríona," ar sise. "Bagún atá ann—fiche punt den bhagún is fearr againn. Fear uasal atá i ndiaidh a ghabháil amach ansin a d'ordaigh a thabhairt duit. M'anam nach ag gach aon ghriseach atá cara mar sin!"

Ní raibh Tríona róchinnt ar feadh nóiméid cé acu a ghlacfaidh sí an beart seo nó nach nglacfaidh. Ach rinne sí amach sa deireadh gur mhó an t-olc ná an mhaith a dhéan-fadh sí lena dhiúltú; agus ghlac sí é mar ghlacfaidh duine ar bith bronntanas Nollag. Ba mhór sin a haoibh agus b'éadrom a coiscéim ag gabháil ar ais amach an Bradshliabh di féin agus do na gasúir an oíche sin, le solas gealaí.

"Muire, tá lóicead ar dóigh libh, a pháirtí," arsa an tseanbhean, an uair a bhain siad an teach amach agus pianta ina gcuid sciathán i ndiaidh a bheith ag iompar na mbeart. "Caithfidh sé go dtáinig sibh ar chroca óir in áit éigin."

Bhí an chistin glan ordúil ag an tseanbhean, na soithigh cóirithe go deismear ar an drisiúr, coinneal ar lasadh i ngach fuinneog sa teach, craos tine sa ghráta, an citeal ag gabháil cheoil ar an chrúca, agus í féin agus an seanduine ina suí, duine ar gach taobh den tine. I dtaca le hÚna de, ní raibh stad uirthi ach ón doras go dtí an tine ó bhí clapsholas ann. Chuaigh sí ina araicis an triúir chomh luath is chuala sí ag teacht iad; agus níor luaithe a cuid bróig úr sciobtha as ceann de na beartíni aici ná bhí siad bogcheangailte aici ar a cosa. Ach, dá bhfeicfear an tseanbhean nuair a fuair sí féin a cuid slipéar ina lámha, ní dhéanfá aon chuid mhór iontais d'Úna bhocht. Agus ba bheag nach raibh an seanduine chomh holc le duine nuair a tugadh a phíopa galánta adhmaid dó, a scian phóca agus a ghothi tobac.

Líon Tríona an lampa agus las é. Chuir sí éadach úr ar an tábla. Bhog sí lena gnótháí tríd an chistin gan trup gan tormán, gan iarraidh ar aon duine cos a tharraingt isteach ná amach, ná stól ná cathaoir a bhogadh anonn ná anall. Chluinfeá a glór stuama agus a gáire caíúil tríd an chomhrá ghleoiréiseach a bhí thart fán teallach, agus í ag éalú, san am chéanna, ón drisiúr go dtí an tábla agus ón tábla go dtí an tine gan stad ná moill a dhéanamh, ach oiread is dá mbeadh sí gan a bheith ag cur suime dá laghad sa chomhrá. Agus, sular mhothaigh aon duine sa teach, bhí an suipéar réidh aici agus í ag iarraidh orthu suí isteach. Agus bhí sin aici dóibh, suipéar nach bhfacthas a leithéid ar an tábla sin le fada an lá. Ba é an breithiúnas a thug Conchúr Mór air, nuair a bhí buíochas tugtha don Rí aige ar shon an bhia agus ar shon na sláinte, gur macasamhail an tsuipéir a bhí ann a tairgeadh d'athair mór an Ghréasaí Rua an oíche a chuaigh sé ar seachrán sa cheo agus casadh é i measc na ndaoine beaga sa chaisleán faoi thalamh a bhí fá Dhún le Gréin.

Tamall beag i ndiaidh an tsuipéir, nuair a bhí an seansphéire ina suí, duine ar gach taobh den tine agus aoibh bhreá orthu, tháinig Feargal chucu anuas as an tseomra agus dhá mhuga puins leis.

"Braon beag a bhéarfás bhur gcroí daibh," ar seisean.

Tháinig aoibh ar an tseansphéire mar thiocfaidh ar phéire páistí.

"Dheamhan a leithéid d'Oíche Nollag a bhí anseo riamh," arsa an seanduine, agus an ghnúis shóineanta sin air, agus é ag dearcadh go pléisiúrtha ar an cheo chumhra a bhí ag éirí chuige as a mhuga puins.

"Fheargail, a mhaicín," ar seisean, "tabhair dom do lámh. Bhí mé ag dúil a gcoíntí gur ábhar bulaí fir a bhí ionat; ach char shamhail mé go dtiocfaidh an éifeacht triot chomh luath seo. Sheacht m'anam thíu, a mhic! Agus tusa, a Pheadair bhig, gabh anall anseo a fhad liom nóiméad."

Tháinig Peadar a fhad leis, agus cineál de chotadh air. D'fhág Conchúr Mór a mhuga puins uaidh ar an bhac agus rug sé ar láimh Pheadair i gcráig mhór dá chuid. Ar ndóigh, bhí lámh Fheargail fáiscithe sa chrág eile aige.

"Go gcuire Dia rath ar mo chuid gasúr!" ar seisean. "Bhur n-athair agus bhur máthair, go ndéana an Rí a mhaith ar na créatúir, cé aige a bhfuil a phios nach bhfuil an bheirt acu de dheas go leor dúinn an Oíche Nollag seo? Cé leis a dtig a rá nach bhfuil na créatúir ag amharc orainn ar an uair seo, agus ag éisteacht linn? Agus, má tá, nach orthu atá an bród as an bheirt agaibh anocht? Buiochas do Dha go bhfaca muid an lá seo, i ndiaidh a bhfuil d'anás fulaingthe againn. Tá aoibh ar bhur n-athair mór agus ar bhur máthair mhór anocht nach raibh orthu le fada go leor. Fán am seo aréir, agus mé ag pilleadh ar an teach seo, ba nimhneach mo chroí i ndiaidh mo chuarda ar Mhac Alastair agus ar Eoin an Droichid Ach, altú don Rí, is é an sólás atá againn anocht in áit an doláis. Tá cineálacha bia fán chábán seo nach bhfacthas ann le fada roimhe. Tá gé breá crochta thíos ansin le rósadh ar maidin. Tá craos de thine ghuail againn, agus mé féin agus mo sheanbhean anseo ar gach taobh di agus muga puins ag gach duine den bheirt againn. Go gcuire Dia rath oraibh, a ghasúra, agus gur fada bhur saol! Seo bhur sláinte uilig, agus gur beo is slán a bheimid uilig fán am seo arís."

Chuir sé an muga ar a cheann.

"Dheamhan a leithéid d'óráid!" arsa an tseanbhean. "Níor fhág tú focal le rá ag do sheanbhean, a Chonchúir Mhór. Mo bheannacht ar mo chuid gasúr. Fad saol daoibh, is maith an braon é. M'anam ionaibh, a stóiríni, ba bhocht an Oíche Nollag a bheadh againn murab é an bheirt agaibh."

Ar an uair sin tháinig Tríona agus hÚna isteach as an bhóitheach, i ndiaidh a bheith ag bleán na bó.

"Beannú oraibh!" arsa Tríona. "Tá sibh scaitfeadh suairceach ann fán tine. Dia ár sábháil, tá an fuacht atá amuigh creach-nach! Druid an doras sin go gasta, a hÚna bheag."

Shuigh siad uilig thart fán tine, agus sular shuigh Tríona chroch sí an citeal os cionn na tine.

"Dhéanfaimid bolgam eile tae," ar sise. "Agus a fhad is bheas an citeal ag gail, faigh an fliúit, a athair mór, agus buail cúpla port dúinn."

D'amharc an seanduine ar an fliúit a bhí thusa i gcúl an chúpla. Séideog níor chuir sé inti ó thug an bás a mhac uaidh. Bhí sé mar bheadh sé idir dhá chomhairle.

"Déan, a Chonchúir," arsa an tseanbhean. "Buail cúpla port, ó tharla gur iarr sí ort é."

"Maise, ní dhiúltóidh mé í," ar seisean. "Ba dhoiligh liom Tríona bhocht a dhiúltú aon lá riamh."

Tugadh anuas an fliúit agus glanadh í agus cuireadh muga uisce tríthi agus tugadh dó í. Chuir sé lena bhéal í agus lig siar a cheann. Thosaigh sé ar phort chroiúil, agus tháinig oibriú ar a chosa agus ar a ghlúine, ag cur le gach aon chor den cheol. An tseanbhean a bhí ina suí os a choinne, tháinig a croí chuici agus thosaigh an t-oibriú aici lena guaillí agus lena ceann agus lena hucht. Sa deireadh, thosaigh sí a phortaireacht ina chuideachta. B'iontach an aoibh a tháinig ar a gnúis agus í ag amharc isteach i gcroí na tine, mar bheadh sí ag amharc ar an scaithe chroiúil a mbíodh sí ina ndáil i dtithe cuideachta an tráth a bhí sí óg. Seal aoibhinn éigin d'óige a saoil a bhí an ceol i ndiaidh a thabhairt os a coinne mar phictiúr; agus bhí sí ag iarraidh an pictiúr sin a thabhairt go hiomlán ina cuimhne go mbaineadh sí a saith de shult as, an Oíche Nollag seo.

Ach thug diobháil na hanála ar Chonchúir Mhór an fliút a fhágáil uaidh seal tamáill, agus chuir sin deireadh le haisling na seanmhán.

"Gura slán do mo sheanduine!" ar sise.

"Á," ar seisean, "tá an aois ag giorrú m'anála."

"Maise, bhí lá," ar sise, "agus b'agat féin a bhí scoth na hanála. Is tú féin a bhainfeadh ceol as an fliúit sin a chuirfeadh crith ar na creatáí."

"A mháthair mhór," arsa Tríona, "bhfuil a fhios agat cad é dhéanfaidh tú? Abair Pláirín na mBan Donn Óg."

"Maise, shíl mé nach raibh dúil ar bith agaibh san amhrán sin," arsa an tseanbhean.

D'amharc Peadar ar Thríona, agus rinne Feargal mar an gceáonna. Tháinig an luisne bheag ba lú a chonáic tú riamh ina grua, agus rinne Peadar casacht bheag.

"Tá sé chomh maith agat a bheith á chleachtadh, a Mhóráí," ar seisean, "óir tá fear uasal ag teacht a fhad leat roimh i bhfad lena fhoghlaim uait."

D'amharc an tseanbhean ar an triúr acu go bhfeiceadh sí an ag iarraidh bheith ag magadh uirthi a bhí siad.

"Mac Mhic Alastair," arsa Tríona, "a dúirt inniu go dtiocfaidh sé an bealach lá éigin go bhfaighe sé an t-amhrán sin go hiomlán uait. Mise a d'inis dó go raibh sé agat."

"Maise, gheobhaidh sé sin agus fáilte," arsa an tseanbhean. "Más é sin an cineál duine atá ann, bhéarfaidh mise a dtig liom d'amhrán dó. Duine ar bith a bhfuil toil aige d'amhrán Ghaeilge, ní chreidfinn go dtiocfaidh leis drochnádúr a bheith aige. Is doiligh a chreidbheáil go dtiocfaidh a mhacasamhail de phór Mhic Alastair; ach, ar ndóigh, deir siad go sciurdann éan as gach ealta."

"Bain an chluas diomsa murar sciurd éan ar dóigh as an ealta an iarraidh seo!" arsa Conchúr Mór, agus é fá shult ag deargadh an tobac ina phíopa úr.

"Seo, a Ghráinne," ar seisean, nuair a bhí an piopa deargtha ina shásamh aige, "caith chugainn Pláirín na mBan Donn Óg."

AN SCUAB ÚR

Tháinig an choscairid idir an dá Nollaig; agus, an mhaidin dhoineanta seo i ndiaidh Lá na Blíana Úire, ní raibh le feiceáil den tsneachta fá Ghleann Ceo ach bairéad beag a bhí ar fhíorbharr Shliabh an Iarainn, agus corrball bán thall is abhus fá bhun beann a raibh a gcúl le gréin. Bhí gaorthamhadach ag teacht isteach aduaidh thar na caorán loma, agus ag síobadh le fíoch síos an gleann. Tharla Séimín Bán i ndiaidh a bhrífeasta a chaitheamh, agus bhí sé ina shuí isteach os cionn na tine. Ag baint toite as a phíopa a bhí sé sula dtéadach sé amach i gceann a ghnótháí. Bhí a bhean ag scuabadh an urláir, i ndiaidh an luath a chur amach. Snáthadán caolchnámhach a bhí inti, agus cuma uirthi gur bheag an

SEÁN AGUS AN GAS PONAIRE

Bhí bean agus a mac na gconaí in Éirinn fadó. Fuair a athair bás nuair nach raibh Seán ach an-og. Bhí siad an-bhocht agus sa deireadh ní raibh aon rud lena dhíol acu ach bó amháin.

Lá aonaigh amháin d' éirigh an bhean go luath agus dúirt sí lena mac go gcaithfeadh sí an t-aon bhó amháin a dhíol mar nach raibh aon rud fágthá acu. D' imigh Seán go luath agus an bhó leis. Ar a bhealach go dti an t-aonach casadh fear an-chliste ar an buachaill óg. D' fiafraigh an fear dó Sheán an raibh an bhó le diol aige. Dúirt Seán go raibh. D' fiafraigh an fear do Sheán cé n luach a bhí uaidh den bhó. Dúirt Seán go nglacadh sé aon rud ar bith ar an bhó. Tharraing an fear an mala mór seo as a phoca agus d' fiafraigh sé do Sheán an nglacadh sé iad seo. Dúirt Seán go nglacadh. Thug an fear an mala do Sheán agus thug Seán an bhó don bhfear. D' imigh Seán abhaile agus bhí sé an-sásta leis féin mar shíl sé go raibh margadh an-mhaith déanta aige. Nuair a chonaic a mháthair é ag teacht rith sí go dti an doras roimhe agus d' fiafraigh sí cad a fuair sé ar an bhó. Chuaigh Seán isteach sa teach agus tharraing sé an mala as a phoca agus thug sé d' mháthair é. D' oscail a mháthair é agus nuair a chonaic sí cad a bhí sa mhala, thiontaigh sí go dtí Seán agus dúirt sí; Ó a Sheán cé n fáth ar dhiol tú an bhó mhaith sin ar mhala pónaire.

D' oscail sí an fhuinndéag cíul agus chaith sí na pónaire uilig amach. Ina dhiaidh sin bhí ag Seán agus a mháthair oibriú go dian le iad fhéin a choinneal beo. Bhí na blianta ag dul thart agus bhí ceann mór pónaire ag fas le taobh an tí.

Lá amháin dúirt Seán lena mháthair go raibh sé ag dul suas an crann. D' imigh sé suas an crann agus nuair a shroich sé a bharr chonaic sé bóthar an-fhada amach roimhe ach ní raibh aon teach le feiceal ar an bhóthar ar chor ar bith. Rinne sé suas a intinn go siúlfadh sé leis go dti go bhfeiceadh sé cad a bhí ar an bhóthair. Shiúl sé leis an bóthar agus i ndiaidh tamall tháinig sé go dti an teach seo. Bhí an doras druidte ach bhual an gasúr óg ar an doras agus tháinig an bhean mhór seo amach agus d' fiafraigh an buachaill di an dtiocfadh leis dul isteach mar bhí sé fliuch go craiceann agus dúirt sé nár ith sé aon bhéile an lá inniu.

Dúirt an bhean leis, "Is é an fathach atá na chónaí sa teach seo." Ach, arsa sí ligfidh mé isteach thíos. Lig sí don buachaill theacht isteach agus thug sí béis maith le h-ithe dó. Nuair a bhí sé in am don fathach theacht abhaile chuir sí an buachaill isteach i gcofra mór agus lig sí sios an clár ar an chofra. Leis sin mhotaigh Seán an teach ar crith. Leis sin d' oscail an doras agus tháinig an fathach isteach. Dúirt sé i nguth ard "fáighaim boladh buachaill óig" ar seisean agus má fhaighaim greim air ithfidh mé gan salann é. "Shush" arsa an bhean agus na bi amaideach sui sios agus ghlac do dhinnéar. Shui sé sios agus dith sé béis maith agus dith sé gan salann é. Nuair a bhí an dinnéar ithe aige dúirt sé i nguth ard, Tabhair chugam mo chuid airgid. Rith an bhean agus fuair sí an tairgead don fháthach. Thosaigh sé dá chuntas ach roimhe bhfad chuala an buachaill an fathach ag sranfaí; Léim sé as an chófra agus chuir sé an tairgead ina mhala agus thosaigh sé ag rith go dti gur shroich sé an crann pónaire agus chuaigh sé isteach sa teach agus d' fhág sé an mala airgead ar an tábla. Nuair a d' amharc an mháthair ar an mhala airgead léim sí agus d'úirt; Is le d' athair an mala airgead sin. Ghoid an fáthach uaidh é agus ansin chuir sé do athair chun báis. Bhí an mháthair an-shásta leis.

An lá ina dhiaidh sin chuaigh an buachaill suas an crann agus mar an lá roimhe sin thosaigh an tairneach, thosaigh Seán ag rith go dti gur shroich sé an teach seo. Bhí an doras druidte ach bhual sé ar an doras agus tháinig an bhean mhór seo amach agus d' fiafraigh sé dí an dtiocfadh leis dul isteach mar bhí sé fliuch go craiceann agus dúirt sé nár ith sé aon bhéile an lá sin.

Oh, arsa an bhean lig mé do buachaill theacht isteach inné agus ghoid sé mo chearc uaim. Oh, ní dheanfaínn-sa rud mar sin arsa Seán. Dúirt an bhean leis, "Is é seo teach an fáthach." Ach ar sise ligfidh mé isteach thíos. Lig sí don buachaill theacht isteach agus thug sí béis maith le hithe dó. Nuair a bhí sé in am don fháthach theacht abhaile chuir sí an buachaill isteach i gcofra. Leis sin mhotaigh Seán an teach

ar crith. Leis sin d' oscail an doras agus tháinig an fáthach isteach. Dúirt sé i nguth ard, "fáighaim boladh buachaill óig," arsa seisean agus má fhaighaim greim air ithfidh mé gan salann é. "Shush" arsa an bhean agus na bi amaideach sui sios agus ghlac do dhinnéar. Shui sé sios agus dith sé béis maith agus dith sé gan salann é. Nuair a bhí an dinnéar ithe aige dúirt sé i nguth ard, Tabhair chugam mo chuid airgid. Rith an bhean agus fuair sí an tairgead don fháthach. Thosaigh sé dá chuntas ach roimhe bhfad chuala an buachaill an fáthach ag sranfaí; Léim sé as an chófra agus chuir sé an tairgead ina mhala agus thosaigh sé ag rith go dti gur shroich sé an crann pónaire agus chuaigh sé isteach sa teach agus d' fhág sé an mala airgead ar an tábla. Nuair a d' amharc an mháthair ar an mhala airgead léim sí agus d'úirt; Is le d' athair an mala airgead sin. Ghoid an fáthach uaidh é agus ansin chuir sé do athair chun báis. Bhí an mháthair an-shásta leis.

An lá ina dhiaidh sin chuaigh an buachaill suas an crann agus mar an lá roimhe sin thosaigh an tairneach, thosaigh Seán ag rith go dti gur shroich sé an teach seo. Bhí an doras druidte ach bhual sé ar an doras agus tháinig an bhean mhór seo amach agus d' fiafraigh sé dí an dtiocfadh leis dul isteach mar bhí sé fliuch go craiceann agus dúirt sé nár ith sé aon bhéile an lá sin.

Oh, arsa an bhean lig mé do buachaill theacht isteach inné agus ghoid sé mo chuid airgead. Oh, ní dheanfaínn-sa aon rud mar sin arsa Seán. Dúirt an bhean leis, "Is é seo teach an fáthach."

Ach ligfidh mé isteach thíos. Lig sí don buachaill theacht isteach agus thug sí béis maith dó. Nuair a bhí sé in am don fáthach theacht abhaile chuir sí an buachaill isteach sa chófra agus lig sí sios an clár ar an chófra. Leis sin mhotaigh Seán an teach ar crith. Leis sin d' oscail an doras agus tháinig an fáthach isteach. Dúirt sé i nguth ard, "fáighaim boladh buachaill óig." "Shush" arsa an bhean agus na bi amaideach, sui sios agus dith do dhinnéar. Shui sé sios agus d' ith sé béis maith agus dith sé gan salann é. Nuair a bhí an dinnéar ithe aige dúirt sé i nguth ard, "Tabhair chugam mo chláirseach." Rith an bhean agus thug sí an cláirseach chuige. Thosaigh an cláirseach ag seinm agus ní raibh sé i bhfad go mhotaigh an buachaill óig an fáthach ag sranfaí. Léim sé as an chófra agus thóig sé an cláirseach agus thoisigh. Ach mhuscail an cláirseach an fáthach agus thug sé leis cleibh agus thoisigh an fáthach ag rith ina dhiaidh. Chuaigh Seán sios an gas pónaire agus dúirt sé lena mháthair go raibh an fáthach ag teacht ina dhiaidh. Ghlac Seán an tua agus nuair a chonaic sé an fáthach ag teacht chaith sé an tua leis agus thit sé marbh ar an talamh. Rith Seán suas agus ghearr sé an ceann den fhathach.

Bhí go leor airgead acu an chuid eile da saol agus mhar siad go sona sásta.

Anna Ní Ludhog,
Scoil Chuimsithe,
Na Gleanntaí.

TURAS AR BHÁILE ÁTHA CLIATH

Ar an tseachtain a chuaigh thart, bhí mise agus mo chairde i mBaile Átha Cliath le dráma. Se'n tainm a bhí air nó "Aille agus an Bhrúid." Sí Scoil Chonaill an taon scoil amháin as an pharóiste a bhí ag an Fhéile Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.

D' fhág muid an baile maidin Dé Máirt an 8ú lá de Bhealtaine ar an haon déag a chlog. Bhí turas breá againn. Shroich muid Baile Átha Cliath ar an cúig a chlog. Bhí muid ag pictiúr an oíche sin agus bhí sé iontach maith.

Bhí an dráma againn maidin lá arna mhárrach ar a deich a chlog. Ar a dó dhéag a chlog fuair muid dinnéar deas.

Ansin chuaigh muid ag siop-adóireacht. Chuaigh muid go dtí Ard Oifig an Phoist. Chonaic muid dealbh de Chu Chualainn. Fuair muid tae ansin agus tháinig muid abhaile.

Ach lá arna mhárrach, fuair muid amach nár bhain muid an chéad duais. Dé Satharn tháinig fear go dti an doras agus d' inis sé dúinn gur bhain muid Corn don dráma a b' fhearr as an Ghaeltacht. Bhí lúcháir mhór orainn.

Pádraigín Ní Ghallchóir,
Scoil Chonaill,
An Bunbeag.

Aois 12

Gárda (le fear óltá a bhí ag iarráidh eochair a chuir isteach i lampa sráide) -O! ní dóigh liom go bhfuil aon duine sa bhaile anocht.

Fear óltá - Caithfidh go bhfuil. Tá solas lasta thusa staighre.

Éin na hÉireann



AN SNAG BREAC

Pica Pica

Magpie

Tá daoine ann agus is beag a ndúil sa snag Breac. Go hard ar liosta na ndaoine sin tá an coimeadaí géim. Goideann an Snag Breac uibheacha ó éin eile. Ina measc bíonn na heanlaith géim. Mioltogáí agus peisteanna a itheann sé de ghnath. Téann an Snag Breac thart ina bpéirí cé go gcuinníonn siad le cheile ag túis an Earragh agus bíonn suas le céad le feiceál le cheile ag an am sin den bhliain.

Ball de theaghlaich an phréachán is é an Snag Breac agus cosúil le na préacháin eile atá luate

againn anseo le cupla mí anuas cruinníonn siad rudai atá goidte acu.

I mBaile Átha Cliath bíonn an Snag Breac le feiceáil i lár an Bhaile agus cé nár tharla sin go foill i gcathracha eile is dóigh nach mbeidh sé i bhfad anois go dtarlaigh.

Dubh agus bán a bhíonn an téan acu. Dath álann gorm le feiceáil ar a dhroim. Is dóigh gur chuala gach duine iomrá ar an phisreógaíoch a bhaineann leis an Snag Breac.

Do'n Aos Óg . . .



Dia dhibh a pháistí.

Tá suíl agam go mbainfidh sibh sult as an scéal breá fada a fuair mé ó Anna Ní Ludhog as Na Gleanntaí. Tá duais speisialta le fail aici ar a shon, agus tá duais speisialta ag dul fost chuig Pádraigín Ní Ghallchóir.

Scoil Chonaill, An Bun Beag.

Slán go fóill, ó bhur gcara . . .

Andai.



Gearoid, Maire agus Seamus O Gallchóir. Tá Gearoid agus Séamus ar scoil na Doirí Beaga; agus tá Máire ar scoil Chonaill, An Bun Beag.



Gráinne Iníon Bhrian agus Maire Ní Fhearraigh as Cois Cládaigh. Tá sí ar Scoil an Bhun Bhig, tá sí sé bliana agus tá sí ag déanamh an Chéad Chomaoineach gan mhoill.


SCEÁLTA GRINN



Coimeádáí Páirce; Níl cead agat bheith ag snámh sa linn lachán. Fear; Níl mé ag snámh, tá mé ag báitheadh.
Coimeádáí Páirce; O! tá sin maith go leor!

Bhí fear ólta ag siúl na bhaile chuir a bhean chéile oíche amháin. Stop gárda é. "Cá bhfuil tú ag dul ag an am seo den oíche?" a dúirt an gárda.
"Chuig, . . . chuig léacht" a dúirt an fear.

Chuaigh fear isteach san úllghort lá amháin agus chonaic sé gasúr beag thusas i gcrann úll. "Cайдé tá tú a dhéanamh thusas ansin?" a dúirt an fear. "O! thit ceann de na húlláí ón chrann agus tá mise a chur ar áis."



Teach phobail na Spáineach
Cill Charthaigh.

Aois 10

Mí na Samhna a bhí ann. Bhí an sagart ag dul thart ar na sean-daoine go leir. Tháinig sé fhad le teach, agus bhí sean fhear ina chónaí ann. Ní raibh an fear seo ariamh ag an Aifreann. Theagasc an sagart paidir bheag dó agus sé an phaidir nó, "A uain Dé cuidigh liom." Dúirt sé leis go mbeadh sé thart bliain ina dhiaidh sin agus go gcaithfeadh sé an phaidir a rá dó. Chuaigh bliain thart. Tháinig an sagart thart arís agus d'iarr sé ar an tseanfhear an phaidir a rá dó. Dúirt an fear na focail seo; "A chaora Dé cuidigh liom." Dúirt an sagart, "Ní sin an rud a theagasc mise duit." Dúirt an fear, "Is é sin an rud a theagasc tú domh, mar an rud a bhí ina uan anuraidh, tá sé ina chaora i mbliana."

Pádraigín Ni Ghallchóir,
Scoil Chonaill,
An Bunbeag.
Aois 12

NA TRIOBLOIDI SA TUASCAIRT

Cloisim gunna ag scaoileadh,
An seo Béal Feirste nó Baile Átha Cliath,
Ar an duine marbh,
Tá gruaig liath.

Feicim saighdiúir le gunna ar garda,
Seo í an oíche,
An mbeidh Eire saor go deo,
Nó choiche?

Barra Mac Aodha Bhúi,
Scoil Chonaill,
An Bunbeag.



Róisín Iníon Sheosamh agus Bean Uí Bhlighe as Baile Átha Feith.
Tá Róisín trí bliana d'aois.

Chuaigh fear as Alban go Londain lá amháin. Nuair a tháinig sé ar ais chuir a chara ceist air caidé mar a thaitin sé leis; "O! Bhí sé maith go leor" a dúirt sé, "Ach tá na daoine iontach corr. I lár na hoíche thosaigh duine éigin ag bualaadh ar mo dhoras. Rinn mé neamhiontas do ach choinnigh sé ag gabhail. Ansin thosaigh sé ag ciceáil an dorais agus ag scairtigh seanard a chinn." "Agus ar fhoscaill tú an doras?" "Níor fhoscaill, maise, lean mé ar aghaidh ag seinm ar mo mhálaí piobáí."

Bean a tfí (le fear a bhí ag obair sa teach)
"An ólfeá deoch bhainne?"
"Ní ólfaidh, go raibh maith agat."
"Ar mhaith leat oráiste?"
"Níor mhaith, go raibh maith agat."
"Bhal caidé fá leith cheann?"
"O! ba mhaith!" arsa an fear agus lúchair air.
"Fan bomaithe" arsa sise go bhfuighfidh mé scian."

AN GHLEANN INA RAIBH ME I MO CHONAL.

Gleann an Bhaile Dhuibh an tainm atá air. Áit iontach deas é. Tigeann a lán cuairteoirí go dtí é gach bliain, as Meiriceá, as Albain, as Sasain agus tiorthaile. Tá tuairim 62 tithe ann. Tá abhann ag rith frid an Ghleanna agus bóthair ar an dá thaobh. Tá ait bheag ann. Gleann Bholcán an tainm atá air. Thig leat leaba Diarmad agus Gráinne a fheiceáil. Thios ag bun an Ghleanna tá sean teach phobail na Spáineach. Tá scéal mór fan dóigh a tógadh an teach phobail seo. Déantar móran feirmeoireacht ins an Ghleann. Ins an Fhomhair nuair a bhfonn an féar uilig i gcócaí móra cuireadh sé aoibheas ar do chroí seasamh shuas ag barr an Ghleanna agus amharc sios tríd. Rugadh mé sa Ghleann ach níl mé i mo chónaí annanois.

Aine Ní Chuinnigeáin,
An Droim Ribhach,
Cill Charthaigh,
Tír Chonaill.

Gaoth Dobhair

Gni Pobal Gaoth Dobhair
comhghairdeas leis an Athair
Eoghan Ó Colm, atá ina Shagart
Paróiste i nAnagaire.

Tá a Uncal Peadar Ó Gallchoir
agus mórán gaoltaí eile ina gcónai
ar an tSlaochán, agus sa chomar-
sanacht.

Cháith an tAthair Ó Colm seal
bliantach i nOir Dheisceart Shasana.
Ansín tháinig sé go Oileán Thoraigh,
áit ar scrióbh sé "Toraigh na dTonn."

Ábhar brón a b' ea bás Bhriain
Ó Curráin, as Port Uí Churráin.
Comhraiteach breá agus Gaeilgeoir
fíor mhaith a bhí ann. Cuireadh
é i Reilig Cnoc Fola Dé Sathairn.
An tAthair Eoghan Ó Fríl a leigh
Aifreann na Marbh agus a d'fhears-
tal ag an uaigh. Gnímid comhbhrón
lena ghaolta uilig.

Cháith Pádraig Ó hEarcáin as
Carraig a tSeascáin saoire sa
bhaile le gairid. Tá sé ag obair
i mBaile Átha Cliath. Tá cónaí
ar a mhuinntir thall i nAlbain.

Cuireadh Máire Nic Pháidín
as Machaire Chlochair coicís ó
shin. Aois 80 bliain; b' as Gleann
Tornán ó dhuchas í agus is i
Reilig Dhún Lúiche a hadhlacadh
í. Chaith sí blianta fada ag obair
i gContae Thír Eoghain, agus ansin
tháinig sí go Machaire Chlochair.
Bhí aithne mhaith uirthi agus meas
mor sa cheanatar. Bhí sí tráthúil
ag Aifreann Domhnaigh, agus ar
ocaíd eile.

Gnímid comhbhrón le na gaolta
i nDun Luiche agus le Bean Uí
Dhuibhir agus Bean Mhic Giolla
Easbuic i gCois Cláidigh.

Tá Noirín Ní Bhaoill sa bhaile
ar cuairt i nDoirí Beaga fá láthair.
Tá Noirín ag obair sa Stát Sherbhís
i Londain le cupla bliain. Inion í
do Bhrian Ó Baoill nach maireann
agus do Bhríd Bean Uí Bhaoill.

Teaghlaich an-ghaelach iad
clann Uí Bhaoill. Cén tionsa,
mar tá seanachai suailceach chois
tine acu, a máthair mhór, Nóra
Bean Mhic Pháidín.

Cuireadh Roibeard Ó Siobhart
i mBaile Maonaigh seachtain ó
shin.

Ní rabhtar ag suíl le na bhás
go haithrid mar nach raibh ann ach
fear ógánta. B' as Dún Feannachaidh
ó dhúchas do, ach bhí sé ina chóiní
i mBaile Maonaigh le seal bliantach.
Tá beirt deirfiúr do i nGaoth Dobhair,
Bean Uí Alcoru agus Bean Uí Bhaoid
ar an Bhun Bheag.

Gnímid comhbhrón leo fein agus
leis na gaolta eile.

Cúis mhór brón b' ea bás Bríd Ní
Fhearraigh as Bun an Inbhir. Cuireadh
i Reilig Bhun an Leaca í Dé Máirt 29
Bealtaine. Bhí sí 58 bliain d'aois.
Déantar comhbhrón lena níonacha
Gráinne, Nóra agus a mac Seán agus
a gaolta go léir.

ANAGAIRE

I ndiaidh do Sheamus Mac Ruairí
gearán foirmiúil a dhéanamh ar son
Comhairle Paróiste Anagaire, cuireadh
fógra bóthair in airde ag corradh
dainsearach ar an bhóthair ó Loch na
nDeorán go dti Rann na Feirste.

AN nDRUIDFEAR SCOIL

GHLEANN BHARR?

Tá pobal beag Gaeltachta i
gleann sléibhe trí mhíle soir ón
Cheathrú Caol i leithinis Fhánaide.
Baile Láir seacht mhíle ó Thuaidh
uatha an áit is comhgairí dóibh a
bhfuil Gaeilgeoirí eile ina gcónai.

Teach Pobail, scoil, oifig poist,
siopa nó dhó, sin a bhfuil de shráid
bhaile i nGleann Bharr. Sa tSamhradh
bíonn Coláiste Gaeilge san áit agus
tig 150 daltaí ó na Sé Chontae ar
na cursáil seo.

Ag éirí lag atá an pobal seo mar
níl obair fhiúntach ar fáil don aos
óig. Teaghlaich amháin a tháinig
abhaile ó Albain bliain ó shin,
b' éigin dóibh imeacht arís nuair
nár éirigh leis an fhearr post a fháil.

Mar thoradh ar seo uilig tá
uimhreacha na bpáistí ar an scoil
áitiúil "Scoil Uí Ghallchoir" ag
dul síos ó bhliain go bliain. Níl
ar an scoil anois ach 36 daltaí agus
de réir na dteoricí oideachais atá
i reim ní scoil folláin í agus ba-

cheart í dhruid. Ní chuireann na
teoiricí sin beatha pobail sa chun-
tas; má dhruidtear an scoil curfear
paistí an Ghleanná amach ar bhus
achan lá go dti scoil eile áit a
mbeidh siad ina mionlach ó thaobh
teangan de-an rud ceanna is a
tharla do pháistí Rann na Feirste
le linn dóibh bheith "an deoraíocht"
Ní ó thaobh teangan amháin a
bheadh seo diobhalach; bheadh glór
na bpáistí imithe ó chlos na scoile
sa Ghleann féin, rud a chuirfeadh
uaigneas ar na daoine fásta.

Comhartha maith é go bhfuil
an pobal ag iarraidh an scoil a
choinneal foscailte. Tiocfaidh
saol níos fearr don Ghleann le
cuidiú Dé, de thairbhe an-iarrachtaí
féin nó de thairbhe na forbairte i
Leitir Ceannainn (12 míle ar shúil)
agus rachaidh uimhir na bpáistí
suas-ach an scoil a choinneal
foscailte idir an dá linn.

Rath Dé ar chosainteoíri an
Ghleanna.

CROS CHOLM CILLE

AGUS TEAMPAL RAITHE

Faoi thioncur na doinneana agus
na sine leis na céadta bliain, seasann
ballógáil dubha sean-teampail i reilig
scaite, uaigneach tuairim's ar míle
go leith taobh amuigh de'n Fhál
Carrach i mBaile fearrain Raithe. Tá
an fhoirgneamh seo ag eisteacht le
síor-bhriseadh tonnta an Aigeain
Atlantaigh agus monabhar Abhainn
an Raithe tá ag lúbarnaigh go mall-
trialach lena thaobh, faoi shúile
chuimheadach sleibhte Thír Chonaill
fá na sleasa gormcheocha, le fada an
lá. Ina lui ar shlat a dhroma, briste,
creapalta le taobh an teampaill ta
Cros bheannaithe Cholm Cille, leath
i bhfolach ag cùlfaithe agus feir.

Is suimiúil an scéal a hinistear
fá mar a fágadh an chros ansin.
Deirtear go raibh Colm Cille ag
amharc i ndiaidh gnoithe Eaglasta i
n-Oileán Thoraigh agus gur theas-
taigh cros cloiche uaidh. Tháinig sé
chun an tír mór ar lorg cros agus
shocraigh sé ceann a ghearradh as
creagach na Muchaise. Bhí cupla
manach eile ag cuidiú leis an dian-
obair a dhéanamh agus nuair a bhí
siad reidh bhi acu an chros oll-
mhór a iomparchun an chladaigh le
tabhairt go Toraigh. Ar an bhealach
chun na céidhe dóibh stad siad ag
Eaglais Naomh Fionnán chun sciste
a dhéanamh. Thug Colm Cille fé
deara ansin gur fhág sé a phortas
(leabhar urnaithe) ina dhiaidh agus
chuir sé duine de na manaí fá na
choinne. Gheall sé go dtabharfad sé
achaíne don mhanach nuair a
philleadh sé. Nuair a shroich an
teachtaire an áit a raibh siad ag
obair chonaic sé éan dubh ag éirí in
airde san aer. Gidh go raibh sé ag
baistí san am fuar sé an leabhar
agus gan deor fearthana air. Ar

athphilleadh dó chun a chairde
d'íarr sé a bhí achaíne ar Cholm
Cille agus ba an rud a d'íarr sé ní
bhfuighfidh an Chros san ait a raibh
siad. Rinneadh amhlaigh.

Cuireadh an chros i troigh agus
fiche ar fhad agus seacht dtroigh ar
leithead ina sheasamh taobh na
hEaglaise. Sheas sé ansin gur
leagadh é oíche gaoithe moire
tuairim's dhá chead bliain ó shin.

Mhair ard-chliú agus glórí an
teampaill féin go dti aimsear na
bpeindlithe. Ansin nuair a bhí gáear-
leanúint á dhéanamh ar Chaitlici
rinne na Saighdiúirí Dearga ruathar
go so-mhóthaithe maidin Domhnaigh
amháin nuair a bhí an tAifreann a
léamh. Marbhadh gach mac máthair
nach raibh an tadh ar an bhealach
ealaigh a fháil. H-Adhlacadh na coirp
go léir in uaigh mhór amháin tuaram dhá
chéad slat ón teampaill, áit a dtugtar
"Log na gCnamh." Chreach an
namhaid an séipéal agus dhóigh
siad go talamh é. Blianta ina dhiaidh
sin togadh Teampall Ghallda ar an
láthair, agus 'siad sin na ballóga
atá le feiceáil go dti an lá inniu.

Ceathrú míle ón teampaill tá
"Log na hAltóra" le feiceáil. B'-
shin an áit a ndeirtí an tAifreann i
ngan fhios in am na gáear-leanúna
tar éis scriosadh an tséipéal.

Is suimiúil an culra stáiriúil atá
ag an cheanntar seo, cosúil le cuid
mhór eile ceantair agus, dar liom,
gur mhór an trua nach bhfuil fios
níos leithide fá dtaoibh dóibh.
Bheadh sé ina chúis athais dom dá
mheasfainn gur chuidigh an píosa
seo le súile corr-dhuine a dhíriú ar
Stair a gceanntar fein.

"AN STAIRAÍ"

Gasúir

Ghabhla

Bhí smúid ar Patrick agus ar
Johnnie an lá seo. Bhí ábhar sin
acu nó bhí laethé saoire an
tSamhráidh thart agus an scoil
ag athoscailt lá tharna mhára. Bhí
n maistir goirgeach a's slat
fhada aige a chuirfeadh greadfach
fianta 'sna bosa. B' as tír mór an
maistir a's bhí sé ar loistín i dtí
Johnnie.

"Tá fhios agamsa cá bhfuil
eochair na scoile," arsa Johnnie.

"Cá bhfuil sí," arsa Patrick.

"Ar an driosúir," arsa Johnnie.

"Goidfidh muid an tslat," arsa
Patrick.

"Sin é an rud a raibh mé ag
smoointí air," arsa Johnnie.

An tráthnóna sin fuair Johnnie an
eochair nuair a bhí an teach fá réir
agus as go brách leis an bheirt
go teach na scoile. Bhí'n scoil
scaite óna tithe agus b' furast
dul ann i ghan fhios. Deacair go
leor a bhí sé an doras a fhoscailt.
Bhí an eochair mór, na gasúir beag
agus lag ach bhí sracadh milteanach
iontu. Le cuidiú bata saíte isteach
i gcluas na heochrach d'eirigh leo.
Bhí an bata ar an tábla ach ní
raibh i bhfad. I bhfaiteadh na súl
bhí na gasúir amuigh agus an bata
leo, ní áit ro-fholláin teach na
scoile.

Druideadh an doras, saitheadh
giota de bhodog i bpoll na heochrach,
caitheadh an tslat amach sa lá-
mara agus sod an péire ag cromad-
aigh siar a chois an chladaigh ag
tarraingt ar an dumhaigh an áit a
raibh an teallach a bhuachailleacht
acu.


Ní dheachaidh siad i bhfad gur
chuala siad an scáirt. "Inseoidh
mise do'n mhaistir oraibh é," arsa
an glór. Baineadh stangadh as na
gasúir. D'amharc siad thart. Cé
bhí ann ach Seimidh as Cnoc a'
Chait agus bhí fhios aige deireadh.
Ní ligfeadh an eagla do na gasúir
dul ina diaidh agus ar scor ar bith
bhí siad ró-mhall le breith air.

Chuir seo gruaim agus beag
uchtach ar na gasúir agus bhí
ábhar maith acu. Tráthnóna lá tharna
mhára bhí an scéal frí an bhaile.
Chuala na máithreacha é, agus fuair
an dá ghaiscioch griosáil a d'fhág
greadfach sa tóin agus ins na bosa
acu fada go leor.

An tOileánach a scríobh

Bhí tuairim ar 500 duine i láthair
ag Óstan Radharc an Eargail 'sna
Doirí Beaga ar na mallaibh nuair a
bhronn muintir Anagaire Deasc
scríobhneorachta agus vallait nótaí
airgid ar an Athair Eoghan Ó Fríghill
Chaith an tAthair Ó Fríghill roinnt
bliain in Anagaire, agus ba mhian
le muintir Anagaire a nómós a chur
i niúl mar gheall ar an suim a bhí
aige in achan ghné de obair na
Paróiste.

Ba iad Áine Ní Bhaoill, D.Sc.,
Mullach Dubh, An Bhanaltra Christ-
ine Ní Ghallchoir Anagaire, agus
Breandán Ó Raghallaigh, Rann na
Feirste a rinn an bronnadh.



Cloch Mhór Léim an tSionnaigh


Linn Gairdín

Tá na linnte gáirdín ag éirí coiteanta le roinnt bliain anuas. Seo leanas roinnt smaointíú.



Linn Piopáin. Tá an linn seo 3 tr oith trasna agus 18 orlach ar doimhneacht. Tá an piopán curtha sios rud beag faoi leithbhéal an talamh agus líneáilte le concréid ag bun. Má cuirear carraigeacha ar plandaí uisce thart ar an imeall cuireann sé cuma níos nádúrtha air.


Tá piopáin mar seo le fáil ó tógáilthe. Is féidir sean iomar a úsáid ar an dóigh ceanáin, ach caithfear a bheith cinnte ar ndóighe nach bhfuil contúirt ar bith ann do pháistí beaga.



Tá snaithín gloine min a úsáid ins an linn seo atá 5 troith, 6 hórlaigh ar fhad. Is féidir iad a fháil cruinn, cearnógach nó dronuilleach. Coinnígh an linn lionta le huisce san Gheimhreadh - is féidir leis an siocán damáiste a dhéanamh dó má bhíonn sé folamh.

Linn reidh-dhéanta.

Tá an cinéal seo linn gairdín le fáil ó na siopáil garraiochta agus is féidir iasc a choineáilt ann. Tá sé déanta as snaithín gloine, níl le déanamh agat ach an poll a thochailt.



Bocsa na Litreach

FÉINRIALÚ

Tá an cheart ar fad ag Deasún Fennell. Má tá an Ghaeltacht le mairstin caithfidh sí smacht a fháil ar a saol féin agus gan mhoill.

Ní raibh rún ar bith ag an Rialtas deireannach féin-rialú Gaeltachta a bhunú. Níl an Rialtas úr fá choinne sin a dhéanamh ach oiread - nach bhfuil sin soileir don fhear is daille amuighanois. Is furast scoil Náisiúnta atá ann cheana féin a athfhoscailt, ní chosnaíonn sé móráin, agus is furast cupla míle punt a caitheamh ag na mná-tí sa Ghaeltacht. Ach an beart móir, smacht a thabhairt don Ghaeltacht ar a saol féin, sin scéal eile. Airgead móir a bheadh i gceist ansin, airgead a thiocfadh

a chaitheamh i mBaile Átha Cliath nó i nDún Dealgan mar atá léar mór bhótaí le fáil a thairbhe. Agus caidé mar thiocfadh ligint do Phobal na Gaeltachta a ngniothfeán a stiúrú, bheadh sé chomh maith agat féin-rialú a bhronnadh ar Aborigines na hAstráile; sin an dearcadh atá ag Rialtas Bhaile Átha Cliath.

Tá eirim intinne chomh maith ag fear na Gaeltachta is atá ag duine ar bith sa tir, tá cumas eagraíochta ann. Ach go dtí seo, lig sé do fhear an Bhéarla a shaol a rialú.

Má tá féinrialú a dhiobhail orainn, agus tá, beidh orainn féin é bhaint amach.

An Dubh Duaibseach.

Cúrsaí sa Choláiste Reigiúnach

Leitir Ceanainn

TÁ LIOSTA Á DHÉANAMH DE DHALTAÍ AS AN GHAELTACHT AR MIAN LEO FREASTAL AR AN CHOLÁISTE THUASLUAITHE AGUS A GCUID CÚRSAÍ A DHÉANAMH FRÍD GHAEILGE. MÁ TÁ SUIM AGAT SA SCÉAL CUIR SCÉALA GO GASTA CHUIG:

Bocsa Uimhir 143 "Gaeltacht"

Coiste Ghaeltacht Thír Chonaill

Bhí cruinnid den choiste in Óstán Radharc an Earagail, Gaoth Dobhair Dé Domhnaigh an 13ú Bealtaine. Bhí scáife maith i láthair.

Leigh an Rúnaí Éamonn Mac Aoidh na mion-tuairisci, agus freagraí ar litreacha a chur sé chuig an Roinn Oideachais, Aire na Gaeltachta, Bord Soláthar an Leictreachais, srl.

Tugadh cuntas ar an chruinniú a bhí ag toscáirí ón choiste leis an tUasal Ó Domhnaill nuair a bhí sé i nGort a' Choirce roimh an Cháisc.

Tugadh eisteacht mhaith dóibh agus mhol an tAire go rachadh siad go Baile Átha Cliath le na gcás a chuir os comhair Airí ón Roinn Cumhachta agus Iompair, agus Roinn Rialtas Áitiúil agus go ndéanfadh seisean gach socrú maidir le ionad agus dáta a shocrú.

Beidh an chéad chruinniú eile ar an dara Domhnach de Mhí Mheithimh.



Caitlín Ní Bhaoill, Inón Bríd agus Brian Ó Baoill as Doirebeaga.

Cuairt ar Aberdeen

Bhain muid Aberdeen amach i dtíortha 5.30 i.n. i ndiaidh dul fríd a lán bailte idir mór agus beag, ceann acu Montrose. Bhí sé ag cur an chuid is mó den am. Bhain muid triall as cupla áit feiceáil an raibh carabán le fáil mar bhí an aimsear go hiontach olc agus nior bhfeidir linn campail amuigh an tráthnóna sin. Nior éirigh linn ceann a fháil go dti gur shroich muid clos carabán Marywell, cupla mile taobh ó dheas de Aberdeen. £2 a bhí an charabán mór don oíche.

Chuaigh cuid den chomhluadar isteach go dti an chathair i ndiaidh an tae agus sa phiocturlann Capitol. Chonaic muid scannán maith de chuid Walt Disney. Scéal fá bhan-draoi a bhí ina cónaí i Sasain le linn cogaidh 1939-45 (mar dhea) agus fán dóigh ar chuir sí an ruraig ar na Gearmainigh a bhí ag ionsaí na tíre sin. Nuair a bhi an scannán thart bhí an baisteach thart agus an spéir glan aris. Cé go raibh sé beagnach 11 i.n., bhí an lá geal ann go fóill ach ar ndóighe tá Aberdeen giota maith ó Thuaidh agus 'bíonn lá nios faidé ann ná mar a bhíonn i nÉirinn an tam seo de bhliain.

Rinn muid iarracht Radio Éireann a fháil maidin ach theip orainn. Cé go raibh sé le fáil go láidir cupla lá roimhe sin in aice le Stranraer. Bhí trí cinn de stáisiúin an B.B.C. le fáil go láidir, áfach, agus cuid mhór le rá acu faoi Éirinn. Bhí bean i gcarabán taobh linn agus ba as Creamhghort i dTír Chonaill í. D'fhág sí an áit sin go hóig agus chaith sí triocha bliain i mBéal Feirste roimh teacht go hAlbain lena fear céile. Bhiodh airsean dul amach chun a chuid oibre ag 5.30 a.m. achan mhaidin.

Maidin bhreá a bhí ann agus muid ag teacht isteach go cathair Aberdeen agus d'éirigh sé te le linn dúinn bheith ag fáil eolais ar lá an bhaile. Ba é seo an áit is mó a raibh foirgintí tógra de



William Wallace
Laoch mór na hAlban.

Sa tSamhradh s'chuaign thart chaith teaghlaigh as Tir Chonaill saoire in Albain. Seo leanas cuntas ar a gcuairt go cathair Aberdeen.

chloch eibhir agus chuir na crainn agus na bláthanna agus na plásoga féir a bhí timpeall go mór leo. Tá dealbh iontach mór de William Wallace, laoch Albanach san tsean-am, giota on phriomhsráid. Sár-obair dealbhodóireachta atá ann agus dar leat go spreagfad sé fir óga na haoise seo. Ag leanadh an scríbhinn seo leanas ar bhun an leachta, chuimhnigh mé go raibh monarc Shasana ar thalamh na hAlbain an lá ceanna agus fáilte roimpi. Seo an rud a dúirt Wallace leis na daoine a ghabh é agus a bhí ar ti é a chur chun bás de bharr "cheannairce" agus "tréas". "Ní thig liomsa bheith ciontach as tréas in éadán rí Shasana mar níl dílseacht ar bith agam ag dul dó agus fad's



tá deor amháin fola fágtha i mo chorp ní gheillfidh mé an dílseacht sin dó."

Siopa amháin ina raibh muid bhí siad amhrasach faoi airgead Éireannach agus b' éigin dóibh an nota (ceann de chuid Bhainc Uladh) a chur anonn go dti banc le deimhniú go raibh sé ionaistrithe. Bhí..

Foigrneamh an-nua-aimsearach a bhí in Aberdeen Northern Co-Op. Ollstor, agus tógadh pictiúr de seo. Sheas an aimsear fhad's a bhí muid ag fágáil Aberdeen ar an bhealach ó Thuaidh i dtreo Inverness, bhí na bóithre go sármhaith ar an bhealach ar fad. Idir na bailte bhí talamh mhaith feirmearacha, páirceanna agus goirt ollmhóra a raibh féar agus préataí ag fás iontu. Ba léir nach le feirmeoirí beaga an talamh seo. Is ar éigin go raibh teach ar bith le feiceáil idir na bailte. Bhí cnoic measara ard anseo a's ansiúd ach ní raibh muid 'sna garbchríocha go fóill na baol air.

Indiaidh dul fríd baile Nairn chas muid i dtreo na farraige agus nior stad muid gur shroich áit a raibh go leor spáis do champaí ach bhí sé taobh le campa airm de chuid na Breataine ar a dtugtar Fort George. Bhog muid cupla míle siar ón dún sin agus d'aimsear agus radharc againn ar Inbhir Moray agus ar an Oileán Dubh. Nior chuir duine ar bith isteach orainn agus chaith muid oíche shuaimeach ansin ar imeall an Aigean Thuaidh.

Cór-Fhéile na Gaeltachta

D'oscail an Canónach Seán Mac Eiteagáin S.P., Cór-Fhéile Ghaoth Dobhair san Amharclann Dé hAoine 18 Bealtaine.

Bhí breis agus 400 páiste scoile ó thrí scoil dhéag ar an ardán i rith an lae ag cur ceoil, drámaíocht, damhsa agus seanchas i láthair na ndaoine.

Bhí dhá ionadáil ón Roinn Oideachais i láthair ag an oscailt oifigiúil, siad sin an tUasal Mac Domhnaill, Cigire Ceantair agus an tUasal Ó hEidhin, Cigire ceoil. Mhol an bheirt acu na scoltacha uilig a ghlaic páirt san Chór-Fhéile agus dúirt siad go raibh an Roinn

Oideachais go mór i leith fíelte de'n chinéal seo.

Cé nach raibh moltóireacht ar bith ann, bhí gach duine den bharúil go raibh caighdean na bliana seo i bhfad níos airde nó mar a bhí sé anuraidh.

Ag deireadh thug Cathaoirleach Choiste na Féile buiochas dó gach duine a chuidigh lá chomh mór a chur ar fáil san Amharclann. Orthu seo bhí na páistí a ghlaic páirt, na múinteoirí agus na tuismitheoirí. Thug sé buiochas ar leith do Eibhlín Bean Arnold O.S., Rúnaí an Choiste le dhá bhliain anuas mar gur uirthi sé a thit furmhór na hoibre.

Bullanai Fir Muintir G.T.

Tigeann an ghaoth agus an bhaisteach agus an ghrian; Tig-eann an Fomhair's an tEarrach agus an Samhradh; agus mair-eann muintir Thír Chonaill leo, ag déanamh dul chun cinn de réir a chéile. Céim ar aghaidh anois, ceim eile arís. Is mar sin a thóg Cairpéidí G.T. Teo., ceim eile chun tosaigh le goirid de bharr athruithe i ngrúpa Bond Worth. Agus nuair a meabhraigh-tear air ní féidir ach a dhéanamh amach go bhfuil meas ar chumas na foirne atá istigh i G.T. Bullanai fir muintir G.T.

Fógraíodh le goirid go rabhthas ag athrú déanamh eagraíochta Bond Worth Idirnáisiúnta agus amach as seo go mbeadh eagraíocht Bond Worth i nÉirinn níos mó freagarthach as cúram a ngnoithe i nÉirinn. Tá stiúrthóir bainistíochta i nÉirinn an tUasal B. Ó hEigearthaigh tar eis a cheapadh mar bhall de choiste bainistíochta na hEagraíochta Idirnáisiúnta. Tá Cairpéidí G.T. ina chomh-chomhlucht idir Gaeltarra agus an grúpa Bond Worth agus ag dul leis na hathruithe lúaithe, tá athruithe déanta maidir le G.T. festa. Tá stiúrthóir bainistíochta úr ceaptha ar G.T. - an tUasal C. Denver. Tá taithí mhór ag an Uasal Denver ar chúrsáil margáíochta agus feictear go bhfuil dul chun cinn chomh mór sin i gcumas tairgeachta déanta ag G.T. go bhfuil rithábhacht anois le breathnú níos mó ar chúrsáil margáíochta. Níl dabht ach go mbeidh G.T. ag comhoibriú go dluth go fóill leis an chuid eile den ghrúpa, go háithrid Rivington Carpets - is de bharr an dluth-cheangail a bhí eatorra le cupla bliain anuas a raibh G.T. i ndán méadú ar a gcuind tairgeachta - ach amach as seo beidh ortha oibriú níos mó as a stuaim téin. Is cosúil nach ndéanfaí athraithe dá leitheid muna mbeidh muinín ag lucht an ghrúpa i bhfuireann G.T. Bullanai fir muintir G.T.

CUIMHNEACHAN GAOTH DOBHÁIR AGUS CLOICH CHEANNFHÁOLA.

Buanchuimhne ar Shile Ni Dhubhgáin fuair bas; i mBaile Atha Cliath ocht mbliana sa tam seo. Aifrinn a nOfail.

Rádió na Gaeltachta

DE SATHAIRN, 9u MEITHEAMH

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Spóirt. 7.30 Seisiún. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Aitiuil. 8.03 Tuairisc Pearsanta. 8.30 A Ghloria a Chara. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh Craolta.

DE DOMHNAIGH 10u MEITHEAMH

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sean Ban Breatnach. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Aitiuil. 8.03 Deir se Anseo. 8.07 Learmheas 8.30 Spóirt an Domhnaigh. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh Craolta.

DE LUAIN 11u MEITHEAMH

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sibhse a Phaisti. 7.30 Iris an Luain. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Aitiuil. 8.03 Iris an Luain cuid a do. 8.30 Luach do Shaothair. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh Craolta.

DE MAIRT 12u MEITHEAMH

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Togha agus Rogha. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Aitiuil. 8.03 Cre na Cille. 8.30 Lan a Mhala. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh Craolta.

DE CEADAOINE 13u MEITHEAMH

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Seal Le Cabaret Chilli Chartaigh. 7.30 Iris na Ceadaoine. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Aitiuil. 8.03 Iris na Ceadaoine cuid a do. 8.30 Lan Mala on Tuaisceart. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh Craolta.

DIARDAOIN 14u MEITHEAMH

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Dibhse a Mhna. 7.30 Si do Mhamo i. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Aitiuil. 8.03 An tSeachtain Seo. 8.30 Samhriseal. 8.40 Rogha Gene Martin. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh Craolta.

DE hAOINE 15u MEITHEAMH

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Sibhse a Phaisti. 7.30 Iris na hAoine. 8.00 Cinn línte na Nuachta. 8.03 Iris na hAoine cuid a do. 8.30 San Oireachtas an tSeachtain Seo. 8.45 Lucht Leabhar agus Leinn. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh Craolta.

Cúrsaí Spóirt



Bua mór eile ag

Coláiste an Fhál Carráigh

COLÁISTE NA CROISE NAOFA 7
COLÁISTE ADHAMHNÁIN 4

Tá daoine ann nach dtuigfeadh cad chuige a mbeadh tuairisc ar chluiche sacair a d'imir Coláiste as an Fhál Carrach ar "Gaeltacht." Nach mór an gar go bhfuair Séamas Mac Gabhann as an Ardaí Bheag ceithre chúl do Choláiste na Croise Naofa!

Tá dhá chomórtas sacair d'fhoirne sinsir choláisti an chontae—an sráth agus an cupa. Bhain Coláiste Adhamhnáin an sráth. B'sheo aithimirt de chluiche ceannais an chupa. Imriodh é i Leitir Ceanainn ar an ceathrú lá is fiche de mhí na Bealtaine. Ar a mbealach go dti an cluiche ceannais bhuaidh Coláiste Adhamhnáin ar an Choláiste Reigiúnach agus ar Bhaile na nGallóglach. Bhuaidh Coláiste na Croise Naofa ar na Gleannáil agus ar Bhaile Dhún na nGall. Chríochnaigh an chéad chluiche ceannais ar chomh-scór 2-2. Trathnóna brothallach tirim a bhí ann don aithimirt agus toirneach san aer. Sheasaigh lucht tacaíochta an dá choláiste os coinne a chéile ar dhá thaobh na páirce agus chanadar is scart-eadar go scléipeach spórtúil i rith an chluiche gur thit ciúnas na díomá ar bhunadh Leitir Ceanainn. Bhí naonur den fhoireann a bhain corn Dalton (C.L.G.) ag imirt don Fhál Carrach, ina measc cúigear a d'imir do mhionúr an chontae ag Coláiste Adhamhnáin forsta.

Bhí an chéad leath breá cothrom. Bhí cuid tosaithe Leitir Ceanainn ag tabhairt cuid mhór trioblóide do chuid cúlaithe an Fhál Carráigh agus achab iad Breandán Mac an tSaoir, an cùlbaire, agus Eoghan Ó Searcaigh bheadh Coláiste Adhamhnáin cupla cùl chun tosaigh. B' iad cuid eachtaí Mhac an tSaoir priomh-ábhar cainte an leatha. Ba dhobair go bhfuair Ó Dufaigh cùl don Fhál Carrach. Ní raibh fágtha den chéad leath ach dhá bhomaite nuair a fuair Leitir Ceanainn cùl. Rinne Mac Conaglaigh calaois agus bhuaile Antoin Ó hEarcáin an saorachic ó 35 slat. Phreab an liathróid sa chearnóg agus cé go bhfuair Mac an tSaoir a lámh fhad léi theip air a ceapadh.

Thosaigh Coláiste na Croise Naofa ar an dara leath mar a bheadh meitheal ann a bhí ag iarráidh dhá obair sleáin a bhaint idir am lóin is am mioltóig. I gceann tri bhomaite bhí greim acu ar Choláiste Adhamhnáin. Cicamach ó Mhac an tSaoir chuir Ó Colla, chuir seisean trasna é chuir Mac Gabhann a chuir san eangach é ó ocht slat déag. Trí

bhomaite ina dhiaidh sin fuair an Fhál Carrach coirnéal. Bhuaile Mac Giolla Chearra é agus bhí Ó Searcaigh ar an líne lena shá isteach. I ndiaidh deich mbomaite riñne Ó Mortáin, a tháinig ar an pháirc ionadaí, 3-1 de nuair a tharraing sé ar scoith pas ó Ó Muirí. I ndiaidh ceathrú uaire stop Ó Donaill as Seascann na Rón an Liathróid lena láimh sa chearnóg agus fuair Ó Cleirigh cùl on chic pionois--3-2. Ach laithreach bonn chuaigh an Fhál Carrach ar an ionsaí. Chuir Ó Daimhin an Liathróid trasna an chúil agus bhí ceann Mhic Gabhann ansin lena cur sa lón. Ní raibh fágtha ach ceathrú uaire nuair a cheap Mac an tSaoir scoith aimsithe ó Ó hAirt ach theip air greim a choinneal ar an Liathróid agus cuireadh isteach í. Ach aris d'imir Coláiste na Croise Naofa le fuadar sios an pháirc agus fuair Mac Gabhann cùl ar doigh. 5-3 ansiois. Bhí cuibhreacha na heagla scaoilte de Choláiste na Croise Naofa ansin agus thug siad taispeantas breá de pheil shaoraideach. Fuair Ó Mortáin agus Mac Gabhann cùl. Ní raibh i bhfad le dhul nuair a fuair Ó Maille cùl do Leitir Ceanainn.

B' iad Aodh de Blaca agus Séamas Ó Cleirigh na cúlaithe a b'fhearr a bhí ag Coláiste Adhamhnáin. An pheileadóir is ea a bhfeair lár páirce, Labhras de Blaca. Fuair sé cuidiú math ó Bhréandán Mac Doinnléibhe. Ba é Pádraig Ó hAirt an tosaí a b'fhearr. Bhí Breandán Mac an tSaoir ina chúlbaire an-mhaith don Fhál

Carrach. Ba é Eoghan Ó Searcaigh a b'fhearr den cheathrar cùil -- leoga, ba é a b'fhearr ar an ghort. Bhí Dónall Ó Daimhin iontach ciúin - b'eisean a b'fhearr sa chéad chluiche. Rinne Seán Ó Dónaill agus Éamonn Mac Conaglaigh rudaí cliste ansin is arís. Rinne an triúr i lár páirce - Ó Muirí, Mac Giolla Chearra agus Ó Cailín - cuid mhór oibre agus reachtala agus fuair siad an bua ar mhuintir Leitir Ceanainn sa dara leath. Bhí Cathal Ó Colla agus Daithí Ó Mortáin (a tháinig isteach in áit Uí Dhufaigh sa dara leath) iontach conturteach ach ba é Séamas Mac Gabhann a rinne an damaisce.

Ba é an priomh-dhifear idir na fóirne ná go raibh Coláiste na Croise Naofa i bhfad níos fittáilte (b'fheidir go gcuirfeadh An tOileánach nó Peigí Rose Gaeilge ar an fhocal sin.) Tá siad ag traenáil go crua ó bhí an Nollaig ann, an chéad uair don Dalton agus ansin do Chorn seo Mhac Giolla Bhríde, rud a ba léir sa dara leath nuair a bhí muintir Leitir Ceanainn ag tarraingt na gcos ina ndiaidh is muintir an Fhál Carráigh ag rith mar bheadh uain Earraigh ann.

Bhronn Colm Mac Giolla Bhríde a chorn féin ar Mhícheál Mac Giolla Chearra. Coláiste na Croise Naofa:- B. Mac an tSaoir (Fánaid) S. Ó Dónaill (Na Rosa) E. Ó Searcaigh (Na Rosa) E. Mac Conaglaigh (Fánaid) D. Ó Daimhin (Dún Fionnachaidh) S. Ó Muirí (Bun Dobhráin) M. Mac Giolla Chearra

(Cill Charthaigh) D. Ó Cailín (Na Cealla Beaga) S. Mac Gabhann (Na hArdaí Beaga) S. Ó Dufaigh (Dún Fionnachaidh) C. Ó Colla (Na hArdaí Beaga) Ionadaithe; D. Ó Mortáin, E. Mac Meanman. Traenalaí; An tAth. Micheál Mac Suibhne. Coláiste Adhamhnáin:- R. Mac Ruairí (Leitir Ceanainn) S. Ó Cleirigh (L.C.) A. de Bláca (L.C.) S. Ó Gallchóir (Rath Maoláin) S. Ó Glásáin (L.C.) L. de Bláca (L.C.) B. Mac Doinnléibhe (Bealach Feich) A. Ó hEarcáin (Ard an Ratha) D. Ó Máille (Connchaigh) P. Ó hAirt (Rath Bhoth) P. Ó Comascaigh (L.C.) Ionadaithe; S. Ó Daimhin, C. Mac Uistin. Traenalaí; S. Mac an tSaoir. An Reiteoir;- B. Mac Daibheid.

Comórtaisí na Gaeltachta

Ag an deireadh seachtaine chuaigh thar leathchéad ó Ghaoth Dobhair go dti an Cheathrú Rua le haghaidh Comórtaisí na Gaeltachta a bhí ar siúl ansin ó Sathairn go dti an Luain. Bhí foireann peile Ghaoth Dobhair ag glacadh páirt i gcomórtaisí peile na Gaeltachta ina raibh fóirne ó Ghaeltachtaí uile na hÉireann -- Corcaigh, Ciarráigh, Port Lairge, Midhe, Muigheó, Gaillimh agus Tír Chonaill.

Siad Gaoth Dobhair a bhain comórtas peile na Gaeltachta i dTír Chonaill agus mar sin siad a bhí ag imirt ar son an Chontae i nGaillimh ag an deireadh seachtaine. Bhí siad uilig ag stíl le Corn Delap a bhaint. Bhronn an lústas Delap ó Ghaoth Dobhair an Corn seo tá cùig bliana ó shin.

Ghlac Aibhe Nic Grianna as Croichlí agus Máire Ní Ghallchóir as an Chlochán Liath atá ag obair in Óstán Ghaoth Dobhair, páirt sa chomórtas Cailín Gaelach a bhí ar siúl trathnóna Dé Domhnaigh.

Ins an Comórtas Cabaret, siad muintir Cill Chartha a bhí ag glacadh páirt ar son an Chontae.

Coiste Féile lascaireachta Ghaoth Dobhair

